Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14918/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0372(NLE)**

**PI 159**
**AGRI 644**
**COMPET 917**
**MI 841**
**IND 485**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 593 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1754 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 593 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 593 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.11.2022
COM(2022) 593 final

2022/0372 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1754 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Is conradh arna riar ag an Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) é Comhaontú Liospóin 1958 maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta. Tá sé ar oscailt do pháirtithe i gCoinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint. Ceanglaítear ar a pháirtithe conarthacha cosaint a thabhairt ar a gcríocha féin d'ainmniúcháin tionscnaimh táirgí de chuid na bpáirtithe conarthacha eile a aithnítear agus a chosnaítear amhlaidh ina dtír tionscnaimh agus a chláraítear i mBiúró Idirnáisiúnta EDMI, ach amháin má dhearbhaíonn na páirtithe laistigh d'aon bhliain amháin ón iarraidh ar chlárú nach bhfuil ar a gcumas an chosaint a ráthú.

Athbhreithníodh Comhaontú Liospóin idir 2009 agus 2015. Bhí sé d'aidhm ag an athbhreithniú sin (i) an creat atá aige faoi láthair a bheachtú; (ii) forálacha a shonraíonn go bhfuil feidhm ag córas Liospóin maidir le tásca geografacha (TGanna) freisin a chur san áireamh; agus (iii) an fhéidearthacht d'aontachas ag eagraíochtaí idir-rialtasacha amhail an tAontas Eorpach a chur san áireamh.

An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh lenar údaraíodh don Choimisiún Eorpach a bheith rannpháirteach i gComhdháil Taidhleoireachta EDMI a tionóladh sa Ghinéiv idir an 11 agus an 21 Bealtaine 2015. Glacadh Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (dá ngairtear 'Ionstraim na Ginéive' anseo feasta) ag an gcomhdháil an 20 Bealtaine 2015. Ag féachaint don rialú ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 25 Deireadh Fómhair 2017 i gcás C-389/15, cuireadh Cinneadh (AE) 2018/416 ón gComhairle an 5 Márta 2018 in ionad an Chinnidh sin. Leis sin údaraíodh tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh Chomhaontú Liospóin athbhreithnithe i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha.

An 26 Samhain 2019, d'aontaigh an tAontas Eorpach le hIonstraim na Ginéive, agus tháinig an t-aontachas sin i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Tháinig Ionstraim na Ginéive í féin i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020.

Leagtar amach i gCinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle roinnt príomhfhorálacha maidir le haontachas an Aontais le hIonstraim na Ginéive. Go háirithe, sonraítear in Airteagal 4(1) gurb é an Coimisiún 'a ainmneofar ina Údarás Inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3 d'Ionstraim na Ginéive, an t-údarás inniúil atá freagrach as Ionstraim na Ginéive a riar ar chríoch an Aontais agus as cumarsáid a dhéanamh le Biúró Idirnáisiúnta um Maoin Intleachtúil EDMI faoi Ionstraim na Ginéive, agus faoi na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin.'

An 13 Aibreán 2022, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2007/1001 agus (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus

Cinneadh (AE) 2019/1754 (COM(2022) 174 final ón gComhairle – dá ngairtear an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha anseo feasta.

Is é is aidhm d'Airteagal 59 den togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle a leasú. Is é is aidhm don leasú Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) a bhunú ina Údarás Inniúil faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin EDMI maidir le TGanna le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Níl aon tionchar aige sin ar an gCoimisiún a bheith ina Údarás Inniúil faoi Ionstraim na Ginéive maidir le táirgí talmhaíochta agus bia a dtugann scéimeanna táisc gheografaigh an Aontais cosaint dóibh. Ar an gcaoi chéanna, le hAirteagal 60 den togra maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha tugtar isteach leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1753 maidir le gníomhaíochtaí an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive. I ndáil leis sin, agus i gcomhréir leis na leasuithe a mholtar in Airteagal 59, moltar in Airteagal 60 leasú a dhéanamh ar Rialachán 2019/1753 sa chaoi go n-aithnítear EUIPO ina Údarás Inniúil faoi Ionstraim na Ginéive i leith clárúcháin idirnáisiúnta a bhaineann le tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (CI).

Le linn chaibidlíocht na Comhairle, áfach, tháinig ábhair imní maidir le nósanna imeachta chun cinn i ndáil le hAirteagal 59 den togra maidir le TGanna le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta. Le hAirteagal 59 tá sé beartaithe Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle a leasú, Cinneadh atá bunaithe ar Airteagal 207 agus Airteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus a bhfuil, dá bhrí sin, nós imeachta um ghlacadh leagtha síos in CFAE ina leith atá éagsúil ón nós imeachta um ghlacadh is infheidhme maidir leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta atá bunaithe ar Airteagal 118(1) agus Airteagal 207(2) CFAE. I ndáil leis sin, meastar é a bheith níos iomchuí an leasú sin a dhéanamh trí bhíthin togra neamhspleách ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh 2019/1754 ón gComhairle, seachas tríd an modhnú sin a chur isteach mar Airteagal sa togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an togra seo ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle a leasú chun EUIPO a bhunú ina údarás inniúil faoi Ionstraim na Ginéive i leith tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

Cuirtear an togra seo in ionad Airteagal 59 den togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

## 1.2. Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Bunaítear leis an togra an nasc idir córas cosanta tásc geografach an Aontais le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha agus córas Liospóin i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chlárú go hidirnáisiúnta. Déanann sé sin trí leasú ar Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle a mholadh.

### 1.3. Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá comhaltas an Aontais d'Ionstraim na Ginéive comhsheasmhach le beartas ginearálta an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint tásc geografach a chur chun cinn agus a fheabhsú trí chomhaontuithe déthaobhacha, réigiúnacha agus iltaobhacha.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### 2.1. Bunús dlí

I bhfianaise ábhar an Chonartha, ba cheart an Cinneadh ón gComhairle a bheith bunaithe ar Airteagal 207 agus Airteagal 218(6)(a)(v) CFAE.

### 2.2. Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

De réir Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

### 2.3. Comhréireacht

I bhfianaise chineál eisiach bheartas tráchtála an Aontais, lena n-áirítear gnéithe tráchtála maoine intleachtúla, níl na Ballstáit in ainm agus córas cosanta TG dá gcuid féin a bheith acu ná TGanna talmhaíochta comhaltaí tríú tíortha de chóras Liospóin a chosaint iad féin. Chun gur féidir leis an Aontas a inniúlacht eisiach a fheidhmiú mar is ceart i ndáil le tásca geografacha ceardaíochta agus tionsclaíocha i gcóras Liospóin, ba cheart dó EUIPO a bhunú ina údarás inniúil faoi Airteagal 3 d'Ionstraim na Ginéive, i gcomhréir le riar an chórais um chlárú ar leibhéal an Aontais, córas a bheartaítear leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. D'áiritheofaí leis sin comhleanúnachas leis na leasuithe a bheartaítear in Airteagal 60 den togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha ar Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gníomhaíochtaí an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive. Go háirithe, beartaítear le hAirteagal 60 gurb é EUIPO atá i gceannas ar chéim leibhéal an Aontais de chlárú TGanna táirgí ceardaíochta agus talmhaíochta a riar, agus gurb é an t-údarás inniúil faoi Ionstraim na Ginéive i leith clárúcháin idirnáisiúnta maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

### 2.4. An rogha ionstraime

Is é Cinneadh ón gComhairle maidir leis an leasú ar Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an ionstraim dlí iomchuí, ag féachaint d'Airteagal 28 (A Bheith mar Pháirtí san Ionstraim Seo) d'Ionstraim na Ginéive. I bhfianaise ábhar an Chonartha, ba cheart an Cinneadh ón gComhairle a bheith bunaithe ar Airteagal 207 agus Airteagal 218(6) CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

### 3.1. Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Neamhbhainteach. Tá an measúnú curtha i gcrích cheana féin mar chuid den togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (SWD(2022) 115 final, tuarascáil ar an measúnú tionchair ar thásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha).

### 3.2. Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Léirigh comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara maidir leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, agus go háirithe aiseolas mionsonraithe a fuarthas ó chomhairliúchán poiblí 2021, gurb é an rogha beartais ab fhearr dar le formhór na bhfreagróirí córas sonrach lena mbunaítear teideal AE chun TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha. Tá roinnt gnéithe ag an gcóras sin a bhaineann go sonrach le scéim nua TG an Aontais, i gcomparáid le scéimeanna TG an Aontais atá ann cheana féin le haghaidh táirgí talmhaíochta.

### 3.3. Bailiú agus úsáid saineolais

Agus an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha á ullmhú ag an gCoimisiún, bhí sé ag brath ar chomhar teicniúil le EUIPO. Dhírigh sé ar shamhlacha éagsúla próisis chun gur féidir measúnú fónta a dhéanamh ar fhoroghanna i dtaca leis an gcomhlacht de chuid an Aontais atá i gceannas ar TGanna le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a chlárú agus ar iarratais idirnáisiúnta a láimhseáil faoi Ionstraim na Ginéive, agus ar ról na n-údarás náisiúnta sa nós imeachta clárúcháin chomh maith. Tá an toradh ar an gcomhar sin, arna bhunú ar rannchuidiú EUIPO, in Iarscríbhinn 9 a ghabhann leis an measúnú tionchair a bhaineann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (SWD(2022) 115 final, tuarascáil ar an measúnú tionchair ar chosaint tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha).

### 3.4. Measúnú tionchair

Féach SWD(2022) 115 final, tuarascáil ar an measúnú tionchair ar chosaint tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha a ghabhann leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le TGanna a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha.

### 3.5. Oiriúnacht rialála agus simpliú

Neamhbhainteach.

## 3.6. Cearta bunúsacha

Rannchuidíonn comhaltas an Aontais d'Ionstraim na Ginéive le hAirteagal 17(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh, Airteagal ina bhforáiltear nach mór maoin intleachtúil a chosaint.

# 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Neamhbhainteach.

# 5. EILIMINTÍ EILE

## 5.1. Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Neamhbhainteach.

## 5.2. Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)

Neamhbhainteach.

## 5.3. Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Neamhbhainteach.

2022/0372 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh (AE) 2019/1754 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Samhain 2019, d’aontaigh an tAontas Eorpach le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha[1] (Ionstraim na Ginéive), agus tháinig a aontachas i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Tháinig Ionstraim na Ginéive í féin i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020.

(2) Faoi Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle[2], is é an Coimisiún a bheidh ina Údarás Inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3 d’Ionstraim na Ginéive, an t-údarás inniúil atá freagrach as Ionstraim na Ginéive a riar ar chríoch an Aontais agus as cumarsáid a dhéanamh le Biúró Idirnáisiúnta um Maoin Intleachtúil na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil faoi Ionstraim na Ginéive, agus faoi na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin.

(3) Maidir le clárú tásc geografach le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha, agus i gcomhréir leis na leasuithe arna dtabhairt isteach ag an Rialachán sin ar Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], ag

---

[1] Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10. 2019, Lch. 15).

[2] Cinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, Lch. 12).

[3] Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, Lch. 1).

féachaint do riar an chláraithe sin ar leibhéal an Aontais, ba cheart ról Údarás Inniúil an Aontais a bheith ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh i leith tásca geografacha le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha faoi Ionstraim na Ginéive,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 4(1) de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'Maidir le tásca geografacha lena gcosnaítear táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha de réir bhrí Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], is í Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a ainmneofar i ról an Údaráis Inniúil dá dtagraítear in Airteagal 3 d'Ionstraim na Ginéive, agus is í a bheidh freagrach as Ionstraim na Ginéive a riar ar chríoch an Aontais agus as fógraí agus cumarsáid le Biúró Idirnáisiúnta EDMI faoi Ionstraim na Ginéive agus faoi na Comhrialacháin.'

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá foilsithe Rialachán 2022/… in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
…
*An tUachtarán*

[4] Rialachán (AE) 2022/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an …maidir le tásca geografacha a chosaint le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha (IO …)